Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7430/1/26**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0423(COD)**

**CODEC 474**
**CLIMA 148**
**ENV 251**
**TRANS 162**
**MI 262**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta i gcás feithiclí tromshaothair le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Márta 2026[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún[3].

1 16977/25 + ADD 1.
2 Níor foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil í.
3 Níor thug Coiste na Réigiún tuairim uaidh roimh an sprioc-am a leag Parlaimint na hEorpa síos roimh an vótáil ar a seasamh ar an gcéad léamh.

4. An 12 Márta 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air chun an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 12/26 + COR 1 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 7209/26.